2023/2596

22.11.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2596 ÓN gCOIMISIÚN

an 21 Samhain 2023

lena ndéantar an formheas ar phrópaconasól mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Bealtaine 2012 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar fáil ar an margadh agus a úsáid ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(4), pointe (a) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Áiríodh an tsubstaint ghníomhach própaconasól in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8. Dá bhrí sin, de bhun Airteagal 86 de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, measadh an tsubstaint a bheith formheasta faoin Rialachán sin faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 98/8/CE.

(2) An 1 Deireadh Fómhair 2018 cuireadh iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 13(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir leis an bhformheas ar phrópaconasól lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 a athnuachan ('an t-iarratas'). Is é údarás inniúil na Fionlainne ('an t-údarás inniúil meastóireachta') a rinne meastóireacht ar an iarratas.

(3) An 2 Meitheamh 2021 chuir an t-údarás inniúil meastóireachta moladh faoi bhráid na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán ('an Ghníomhaireacht') i ndáil leis an bhformheas ar phrópaconasól a athnuachan.

(4) An 9 Márta 2022, i gcomhréir le hAirteagal 14(3) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ghlac an Ghníomhaireacht tuairim ([3]) a rinne a Coiste um Tháirgí Bithicídeacha a fhoirmliú, ag féachaint do chonclúidí an údaráis inniúil meastóireachta.

(5) Aicmítear própaconasól mar shubstaint thocsaineach le haghaidh an atáirgthe de chatagóir 1B i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]), agus dá bhrí sin comhlíonann sé an critéar eisiaimh a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Thairis sin, de réir na tuairime ón nGníomhaireacht, meastar go bhfuil airíonna suaite inchrínigh ag própaconasól a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le héifeachtaí díobhálacha ar dhaoine, agus, dá bhrí sin, comhlíonann sé an critéar eisiaimh a leagtar amach in Airteagal 5(1), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(6) De bhun Airteagal 12(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ní fhéadfar an formheas ar shubstaintí gníomhacha a chomhlíonann na critéir eisiaimh a athnuachan ach amháin má chomhlíonann an tsubstaint ghníomhach na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 4(1) go fóill agus ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(2) den Rialachán sin.

(7) Rinne an Coimisiún, le tacaíocht ón nGníomhaireacht, comhairliúcháin poiblí chun faisnéis a bhailiú chun a léiriú ar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

([1]) IO L 167, 27.6.2012, lch. 1.
([2]) Treoir 98/8/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 1998 maidir le táirgí bithicídeacha a chur ar an margadh (IO L 123, 24.4.1998, lch. 1).
([3]) Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha (BPC) ar an iarratas maidir le formheas na substainte gníomhaí: própaconasól, Cineál táirge: 8, ECHA/BPC/324/2022, arna ghlacadh an 9 Márta 2022.
([4]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Treoracha 67/548/CEE agus 1999/45/CE, agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1).

(8) Pléadh an tuairim ón nGníomhaireacht agus na haighneachtaí a fuarthas le linn an chomhairliúcháin phoiblí le hionadaithe ó na Ballstáit sa Bhuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha. Iarradh ar na Ballstáit a léiriú freisin an measann siad go gcomhlíonfaí ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(2) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 ina gcríoch féin, agus bonn cirt a sholáthar.

(9) Ón bhfaisnéis a bailíodh agus ó na barúlacha a chuir na Ballstáit in iúl, is cosúil go bhfuil gá fós le própaconasól sna Ballstáit le haghaidh úsáidí áirithe.

(10) Tá gá fós le própaconasól le haghaidh cóireáil shealadach in aghaidh fungais a chuireann drochdhath ar adhmad (úsáid frith-sú-adhmaid trí chóireáil thionsclaíoch). D'fhéadfadh teabúconasól a bheith ina rogha mhalartach ar phrópaconasól, substaint a úsáidtear go coitianta in éineacht le própaconasól i dtáirgí bithicídeacha le haghaidh na húsáide sin. Mar sin féin, tá éifeachtúlacht níos ísle ag teabúconasól in aghaidh fungais a chuireann drochdhath ar adhmad i gcomparáid le própaconasól. Comhlíonann teabúconasól freisin an critéar in Airteagal 10(1), pointe (d), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, toisc go bhfuil sé an-mharthanach agus tocsaineach i gcomhréir le hIarscríbhinn XIII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]). D'fhéadfadh comhdhúile bóróin (aigéad bórach, peintihiodráit teitreabóráite déshóidiam) a bheith mar roghanna malartacha féideartha ar phrópaconasól le haghaidh na húsáide sin mar gheall ar a n-úsáid frith-sú-adhmaid. Comhlíonann siad an critéar in Airteagal 5(1), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, go n-aicmítear iad mar shubstaintí tocsaineacha le haghaidh an atáirgthe, catagóir 1B, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008. Leis an tuairim ón nGníomhaireacht maidir leis an iarratas a bhaineann le própaconasól agus leis an tuairim ón nGníomhaireacht ([6]) maidir leis an meastóireacht ar infhaighteacht agus inbhuanaitheacht roghanna malartacha ar chomhdhúile bóróin, ní féidir measúnú a dhéanamh an mbeadh comhdhúile bóróin níos iomchuí don úsáid sin i gcomparáid le própaconasól. Áirítear ar na táirgí bithicídeacha malartacha eile le haghaidh na húsáide sin táirgí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach IPBC, ina aonar nó i gcomhcheangal le própaconasól. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh IPBC éifeachtach in aghaidh gach fungais a chuireann drochdhath ar adhmad.

(11) Tá gá le própaconasól fós chun cóireáil thionsclaíoch ghairmiúil a dhéanamh ar adhmad struchtúrach (adhmad a úsáidtear ar chumas ualach-iompartha i bhfoirgnimh agus i struchtúir ina dtugtar tús áite do neart an adhmaid, amhail seideanna, giarsaí, droichid, lamairní, cuaillí, deicre, cuaillí fáil, etc.) i gcás aicmí úsáide áirithe ([7]) mar a thuairiscítear i gcaighdeán Eorpach EN 335:2013 agus mar a shainmhínítear i dtéarmaí coinníollacha seirbhíse, agus tagairt á déanamh don chion taise ghinearálaithe agus do na hoibreáin bhitheolaíocha mheathlaithe a bhíonn ann de ghnáth, agus go háirithe i gcás aicme úsáide 3 (cás ina mbeidh an t-adhmad nó an táirge adhmadbhunaithe os cionn na talún agus nach mbeidh sé neamhchosanta ar an aimsir, go háirithe báisteach) agus aicme úsáide 4 (cás ina mbeidh an t-adhmad nó an táirge adhmadbhunaithe i dteagmháil dhíreach le screamhuisce nó le fionnuisce) in aghaidh fungais a chuireann drochdhath ar adhmad agus fungais a lobhann adhmad. Tá comhdhúile copair i roinnt táirgí bithicídeacha malartacha le haghaidh na n-úsáidí sin, ar táirgí iad is gá a úsáid i gcomhcheangal le substaint ghníomhach ar leasaitheach adhmaid í chun táirge bithicídeach uiscebhunaithe a fhoirmliú a bhfuil éifeachtúlacht leordhóthanach aige. Úsáidtear própaconasól agus/nó teabúconasól go coitianta i gcomhcheangal le comhdhúile copair le haghaidh na n-úsáidí sin. Ní féidir teabúconasól a úsáid in ionad própaconasóil de bharr na gcúiseanna céanna a mhínítear in aithris 10. Thairis sin, tá éifeachtúlacht chomhlántach ag teabúconasól maidir le própaconasól in aghaidh fungais a lobhann adhmad, ós rud é go bhfuil speictream difriúil de ghníomhaíocht fuingicídeach aige in adhmad. Tá salainn cheathartha amóiniam i dtáirgí bithicídeacha uiscebhunaithe eile, ar substaintí iad nach bhfuil éifeachtúlacht leordhóthanach acu iontu féin in aghaidh fungais a chuireann drochdhath ar adhmad agus fungais a lobhann adhmad. Tá táirgí bithicídeacha ann ina bhfuil meascáin d'fhoirmlithe copair/salainn cheathartha amóiniam, ach bíonn teorainneacha teicniúla i gceist leosan (e.g. éifeachtúlacht fhadtéarmach níos ísle, d'fhéadfadh siad siúntaí miotail atá i dteagmháil leis an adhmad cóireáilte a chreimeadh). De ghnáth ní bhíonn comhdhúile bóróin oiriúnach go teicniúil don úsáid sin, ós rud é go bhfuil siad an-intuaslagtha in uisce, rud a fhágann go bhfuil siad i mbaol a láiste. Ar deireadh, forbraíodh táirgí bithicídeacha malartacha olabhunaithe le déanaí atá bunaithe ar pheanfluifein mar shubstaint ghníomhach, ach tá gá le níos mó ama chun tástáil a dhéanamh ar na táirgí bithicídeacha sin agus ceacht leordhóthanach a fhoghlaim ón taithí a fuarthas ina dtaobh.

(12) Tá gá le própaconasól fós chun cóireáil thionsclaíoch ghairmiúil a dhéanamh ar shiúntaí (táirgí adhmaid a eascraíonn as an gcleachtas píosaí adhmaid a cheangal le chéile go fisiciúil, amhail fuinneoga, dorais, díonléasacha, cumhdra, cláir líneála, urláir a chlúdach, ráillí, etc.) in aicme úsáide 2 (cás ina mbeidh an t-adhmad nó an táirge adhmadbhunaithe faoi chlúdach agus nach mbeidh sé neamhchosanta ar an aimsir, go háirithe báisteach agus báisteach ghaoth-thiomáinte, ach ina bhféadfadh fliuchadh neamhleanúnach tarlú ó am go ham) agus aicme úsáide

([5]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1).

([6]) *Biocidal Products Committee (BPC) opinion on a request according to Article 75(1)(g) of Regulation (EU) No 528/2012 on the evaluation of the availability and suitability of alternatives to boric acid and disodium tetraborate pentahydrate, ECHA/BPC/271/2020, adopted on 2 December 2020* [Tuairim ón gCoiste um Tháirgí Bithicídeacha i ndáil le hiarraidh de réir Airteagal 75(1)(g) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 maidir leis an meastóireacht ar infhaighteacht agus oiriúnacht na roghanna malartacha ar aigéad bórach agus ar pheintihiodráit teitreabóráite déshóidiam, ECHA/BPC/271/2020, a glacadh an 2 Nollaig 2020].

([7]) *ECHA Guidance on the Biocidal Products Regulation, Volume II: Efficacy, Parts B+C: Assessment and Evaluation, Version 5.0, November 2022* [Treoraíocht na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán maidir le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, Imleabhar II: Éifeachtúlacht, Ranna B + C: Measúnú agus Meastóireacht, Leagan 5,0, Samhain 2022].

3 in aghaidh fungais a chuireann drochdhath ar adhmad agus fungais a lobhann adhmad. De ghnáth, bíonn IPBC, própaconasól agus/nó teabúconasól i dtáirgí bithicídeacha le haghaidh na n-úsáidí sin. Ní féidir teabúconasól a úsáid in ionad própaconasóil ar na cúiseanna céanna a mhínítear in aithris 11. Tá táirgí bithicídeacha ann le haghaidh na n-úsáidí sin nach bhfuil ach IPBC iontu ach ní bhíonn siad oiriúnach i gcónaí toisc nach bhfuil éifeachtúlacht leordhóthanach acu in aghaidh fungais a lobhann adhmad. Le tiúchan níos airde de IPBC, d'fhéadfaí a éifeachtúlacht a mhéadú ach d'fhéadfadh sé sin a bheith ina chúis le buíochan an adhmaid chóireáilte. Baineann teorainneacha teicniúla leis na hisitiasóilíonóin 2-ochtail-2H-isitiasól-3-ón ('OIT') agus (4,5-déchlóra-2-ochtail-2H-isitiasól-3-ón ('DCOIT') i gcomparáid le própaconasól chun adhmad a leasú (is eol go léiríonn OIT láisteadh ard as adhmad cóireáilte; Tá DCOIT an-chreimneach agus léiríonn sé cobhsaíocht íseal in go leor cineálacha foirmlithe leasaitheach adhmaid). Faoi láthair, níl aon táirge bithicídeach údaraithe le haghaidh leasú adhmaid ar an margadh ina bhfuil OIT nó DCOIT. Dá thoradh sin, ní féidir le táirgí bithicídeacha ina bhfuil OIT nó DCOIT feidhmiú mar roghanna malartacha ar phrópaconasól sa ghearrthéarma. Forbraíodh táirgí bithicídeacha malartacha le déanaí atá bunaithe ar pheanfluifein mar shubstaint ghníomhach, ach tá gá le níos mó ama chun tástáil a dhéanamh ar na táirgí bithicídeacha sin agus ceacht leordhóthanach a fhoghlaim ón taithí a fuarthas ina dtaobh.

(13) Tá gá le própaconasól fós chun gur féidir le húsáideoirí gairmiúla an táirge a leathadh le scuab, sprae nó instealladh *in-situ* i gcás aicmí úsáide 2 agus 3. De ghnáth, bíonn IPBC, própaconasól agus/nó teabúconasól i dtáirgí bithicídeacha le haghaidh na n-úsáidí sin. Ní féidir teabúconasól a úsáid in ionad própaconasóil ar na cúiseanna céanna a mhínítear in aithrisí 10 agus 11. Níl táirgí bithicídeacha le haghaidh na n-úsáidí sin nach bhfuil ach IPBC iontu oiriúnach mar níl éifeachtúlacht leordhóthanach ag IPBC in aghaidh fungais a lobhann adhmad. D'fhéadfadh fadhbanna íogaireachta craicinn agus buíochan an adhmaid chóireáilte a eascairt as táirgí bithicídeacha ina bhfuil tiúchan níos airde de IPBC. Forbraíodh táirgí bithicídeacha malartacha le déanaí atá bunaithe ar pheanfluifein agus IPBC mar shubstaintí gníomhacha, ach tá gá le níos mó ama chun tástáil a dhéanamh orthu agus ceacht leordhóthanach a fhoghlaim ón taithí a fuarthas ina dtaobh.

(14) Tá modhanna eile ann seachas úsáid táirgí bithicídeacha chun marthanacht adhmaid a leathnú in aghaidh fungas. Cóireáil teasa adhmaid agus modhnú ceimiceach, rud nach ndéantar chomh minic céanna, amhail an t-adhmad a mhodhnú, trí aicéitiliú nó trí fhúrfúiriliú, úsáidtear iad chun táirgí adhmaid a thairgeadh i gcás aicmí úsáide 2 agus 3. De bharr sonraíochtaí teicniúla na gcineálacha adhmaid sin, níl siad oiriúnach do gach cineál ábhar foirgníochta adhmaid a n-úsáidtear própaconasól chun é a chóireáil faoi láthair. Rogha eile is ea crua-adhmad trópaiceach marthanach a úsáid; ach níl an teacht céanna air, bíonn costais níos airde ann dá bharr agus bíonn tionchair dhiúltacha aige ar an inbhuanaitheacht.

(15) Tá ábhair mhalartacha ar adhmad ann le haghaidh na bhfeidhmeanna úsáide is gá, amhail cruach, plaisteach, alúmanam agus coincréit, ach d'fhéadfadh sé nach bhféadfaí na hábhair sin a úsáid i gcónaí ar chúiseanna teicniúla ná eacnamaíocha agus d'fhéadfadh saincheisteanna inbhuanaitheachta a eascairt astu.

(16) Ar bhonn na faisnéise a bailíodh, thángthas ar an gconclúid go mbeadh tionchair diúltach díréireach ag an neamh-athnuachan ar fhormheas própaconasóil mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 ar an tsochaí i gcomparáid leis na rioscaí a bhaineann le húsáid na substainte le haghaidh cóireáil shealadach in aghaidh fungais a chuireann drochdhath ar adhmad (úsáid frith-sú-adhmaid trí chóireáil thionsclaíoch), chun cóireáil thionsclaíoch ghairmiúil a dhéanamh ar adhmad struchtúrach i gcás aicmí úsáide 3 agus 4, chun cóireáil thionsclaíoch ghairmiúil a dhéanamh ar shiúntaí i gcás aicmí úsáide 2 agus 3, agus chun an táirge a leathadh le scuab, sprae nó instealladh *in-situ* ag úsáideoirí gairmiúla i gcás aicmí úsáide 2 agus 3. Comhlíontar, dá bhrí sin, an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcás na n-úsáidí sin.

(17) Tháinig an Ghníomhaireacht ar an gconclúid nach bhfuil aon rioscaí do-ghlactha ann do shláinte an duine agus don chomhshaol ó úsáid táirgí bithicídeacha ina bhfuil própaconasól, i gcás nach gcuirtear airíonna suaite inchrínigh própaconasóil san áireamh agus i gcás ina gcuirtear bearta maolaithe riosca i bhfeidhm chun teagmháil daoine, ainmhithe agus an chomhshaoil le própaconasól a theorannú a mhéid is féidir, mar shampla trí threalamh cosanta pearsanta a bheith á chaitheamh ag oibrithe; trína cheangal go ndéanfar feidhm thionsclaíoch laistigh de limistéar atá iata agus suite ar dhromchla crua neamhscagach a bhfuil bundú chun rith chun srutha a chosc agus córas aisghabhála i bhfeidhm ann (e.g. umar); go stórálfar an t-adhmad nuachóireáilte tar éis a chóireála faoi dhídean nó ar dhromchla crua neamh-thréscaoilteach, nó an dá rud, chun sceitheadh díreach isteach san ithir, sa chóras séarachais nó san uisce a chosc, agus go mbaileofar aon sceitheadh a tharlaíonn de dheasca leathadh an táirge lena athúsáid nó lena dhiúscairt; agus ar choinníoll go gclúdófar an talamh le scragall plaisteach nó le tráidire plaisteach le linn an leata le scuab/rollóir ag úsáideoirí gairmiúla amuigh faoin aer, agus ba cheart aon sceitheadh a tharlaíonn de dheasca leathadh na dtáirgí a bhailiú agus a dhiúscairt ar bhealach sábháilte. Mar sin féin, níor tháinig an Ghníomhaireacht ar aon chonclúid maidir le leibhéal na rioscaí a bhaineann le própaconasól a úsáid i leith shláinte an duine agus i leith an chomhshaoil i bhfianaise a n-airíonna suaite inchrínigh.

(18) Dá bhrí sin, ar bhonn na sonraí atá le fáil san iarratas, níor léiríodh, i ndeireadh na dála, go bhféadfadh coinne a bheith leis nach mbeadh éifeachtaí do-ghlactha ag an táirge bithicídeach ionadaíoch ina bhfuil própaconasól i gcás cineál táirge 8, ann féin nó de thoradh a iarmhar, ar shláinte an duine agus ar an gcomhshaol, agus go bhféadfadh coinne a bheith leis go gcomhlíonfadh sé na critéir a leagtar amach in Airteagal 19(1), pointe (b)(iii) agus (iv) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(19) Mar sin féin, ba cheart an toisc a leagtar amach in Airteagal 19(5) de Rialachán (AE) 528/2012 a chur san áireamh nuair a mheastar na coinníollacha maidir le formheas a leagtar amach in Airteagal 4(1) den Rialachán sin. I gcomhréir le hAirteagal 19(5) den Rialachán sin, agus d'ainneoin míreanna 1 agus 4 den Airteagal sin, féadfar táirge bithicídeach a údarú i gcás nach gcomhlíontar go hiomlán na coinníollacha a leagtar síos i mír 1(b)(iii) agus (iv) den Airteagal sin, i gcás ina mbeadh tionchair dhiúltacha dhíréireacha ann don tsochaí mura n-údarófaí an táirge bithicídeach, i gcomparáid leis na rioscaí atá ann do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe nó don chomhshaol a eascraíonn as úsáid an táirge bhithicídigh faoi na coinníollacha a leagtar síos san údarú, rud atá cosúil leis an gcoinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(2), pointe (c) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Ós rud é go gcomhlíontar an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(2), pointe (c), den Rialachán sin maidir le húsáidí áirithe própaconasóil, meastar an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 19(5) den Rialachán sin a bheith comhlíonta le haghaidh na n-úsáidí céanna. Dá bhrí sin, meastar na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 4(1) de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 i gcomhar leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 5(2), pointe (c) den Rialachán sin a bheith comhlíonta.

(20) Dá bhrí sin, is iomchuí an formheas ar phrópaconasól lena úsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 a athnuachan faoi réir coinníollacha áirithe a chomhlíonadh.

(21) Go háirithe, is substaint é própaconasól atá inbhreithnithe lena ionadú i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointí (a), (d) agus (e), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 agus, dá bhrí sin, níor cheart tréimhse na hathnuachana a bheith níos faide ná 7 mbliana, de bhun Airteagal 10(4) den Rialachán sin.

(22) De bhun phointe 10 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, ba cheart meastóireacht a áireamh sa mheasúnú ar tháirgí lena léiriú ar comhlíonadh na coinníollacha a bhaineann le hAirteagal 5(2) den Rialachán sin. Ba cheart foráil a dhéanamh nach bhféadfar táirgí a údarú lena n-úsáid sna Ballstáit ach amháin i gcás ina gcomhlíontar an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012.

(23) Ba cheart teagmháil an chomhshaoil le própaconasól a íoslaghdú a mhéid is féidir ós rud é nárbh fhéidir teacht ar aon chonclúid maidir leis an riosca a eascraíonn as airíonna suaite inchrínigh própaconasóil. Ar bhonn na dtuairimí a chuir na Ballstáit in iúl, ní féidir cáitheadh sprae trí spraeáil láimhe a mhaolú i suíomh amuigh faoin aer. Dá bhrí sin, i gcás ina ndéanfaidh úsáideoirí gairmiúla táirgí a leathadh le sprae *in situ*, ba cheart é sin a údarú le haghaidh úsáid faoi dhíon agus sa chás sin amháin, chun cosaint don chomhshaol a ráthú.

(24) Thairis sin, chun ardleibhéal sábháilteachta a áirithiú do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe agus don chomhshaol, agus chun cóir chomhionann a áirithiú idir earraí cóireáilte a mhonaraítear san Aontas agus earraí cóireáilte a allmhairítear isteach san Aontas, maidir le hadhmad cóireáilte le própaconasól a chur ar an margadh, ba cheart é sin a bheith faoi réir coinníollacha. Go háirithe, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach san athnuachan ar fhormheas maidir le húdarú táirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 ina bhfuil própaconasól, ní fhéadfar earraí cóireáilte a chóireáiltear le própaconasól nó ina n-ionchorpraítear própaconasól a chur ar an margadh ach amháin lena n-úsáid mar adhmad a chóireáiltear chun é a chosaint ar fhungais a chuireann drochdhath ar adhmad (úsáid frith-sú-adhmaid trí chóireáil thionsclaíoch), mar adhmad struchtúrach i gcás aicme úsáide 3 (cás ina bhfuil an t-adhmad nó an táirge adhmadbhunaithe os cionn na talún agus go bhfuil sé neamhchosanta ar an aimsir, go háirithe báisteach) agus aicme úsáide 4 (cás ina mbeidh an t-adhmad nó an táirge adhmadbhunaithe i dteagmháil dhíreach le screamhuisce nó le fionnuisce), agus mar shiúntaí i gcás aicme úsáide 2 (cás ina mbeidh an t-adhmad nó an táirge adhmadbhunaithe faoi chlúdach agus nach mbeidh sé neamhchosanta ar an aimsir, go háirithe báisteach agus báisteach ghaoth-thiomáinte, ach ina bhféadfadh fliuchadh neamhleanúnach tarlú ó am go ham) agus aicme úsáide 3.

(25) Chun úsáid shábháilte a ráthú i leith earraí cóireáilte a chóireáiltear le táirgí bithicídeacha ina bhfuil própaconasól nó ina n-ionchorpraítear na táirgí sin agus chun é a chur ar a gcumas d'úsáideoirí earraí cóireáilte roghanna eolasacha a dhéanamh, ba cheart don duine atá freagrach as earra cóireáilte a cóireáladh le própaconasól nó ina n-ionchorpraítear própaconasól a áirithiú go soláthrófar ar lipéad an earra chóireáilte sin an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 58(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Thairis sin, ba cheart d'údaráis inniúla na mBallstát na treoracha ábhartha úsáide agus na réamhchúraimí atá le sonrú ar lipéad na n-earraí cóireáilte faoi Airteagal 58(3), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 a shonrú san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a ghabhann le táirge bithicídeach ina bhfuil própaconasól. Ba cheart a áireamh ar na réamhchúraimí freisin bearta iomchuí chun an láisteadh a laghdú agus chun teagmháil daoine, ainmhithe agus an chomhshaoil le própaconasól a íoslaghdú a mhéid is féidir.

(26) Thairis sin, chun ardleibhéal sábháilteachta a áirithiú do shláinte an duine agus é á chur san áireamh nárbh fhéidir teacht ar aon chonclúid maidir leis an riosca a eascraíonn as airíonna suaite inchrínigh própaconasóil, níor cheart adhmad a chóireáiltear le própaconasól a chur ar an margadh chun troscán agus struchtúir súgartha a tháirgeadh.

(27) Chun dóthain ama a thabhairt d'oibreoirí eacnamaíocha oiriúnú do na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo, ba cheart idirthréimhse a shocrú chun a áirithiú nach ndéanfar adhmad atá cóireáilte le táirgí bithicídeacha ina bhfuil própaconasól a chur ar an margadh a thuilleadh ach amháin mar adhmad a chóireáiltear chun é a chosaint ar fhungais a chuireann drochdhath ar adhmad (úsáid frith-sú-adhmaid trí chóireáil thionsclaíoch), mar adhmad struchtúrach i gcás aicmí úsáide 3 agus 4 agus mar shiúntaí in aicmí úsáide 2 agus 3 (seachas troscán agus struchtúir súgartha).

(28) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Tháirgí Bithicídeacha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Déantar an formheas ar phrópaconasól mar shubstaint ghníomhach lena húsáid i dtáirgí bithicídeacha de chineál táirge 8 a athnuachan, faoi réir na gcoinníollacha a leagtar amach san Iarscríbhinn.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 21 Samhain 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Gnáthainm	Ainm IUPAC Uimhreacha Céannachta	Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí ([1])	Dáta éaga an fhormheasa	An cineál táirge	Coinníollacha sonracha
Própaconasól	Ainm IUPAC: (2RS,4RS;2RS,4SR)-1-[[2-(2,4-déchlóraifeinil)-4-próipil–1,3-dé-ocsalan-2-il] meitil]-1H-1,2,4-trí-asól Uimh. CE: 262-104-4 Uimh. CAS: 60207-90-1	Íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí a ndearnadh meastóireacht uirthi: 950 g/kg.	30 Samhain 2030	8	Is substaint é própaconasól atá inbhreithnithe lena ionadú i gcomhréir le hAirteagal 10(1), pointí (a), (d) agus (e), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012. Tá údarú na dtáirgí bithicídeacha ina n-úsáidtear própaconasól mar shubstaint ghníomhach faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas: (a) leis an measúnú táirge, tabharfar aird ar leith ar na teagmhálacha, ar na rioscaí agus ar an éifeachtúlacht atá nasctha le haon úsáid a chumhdaítear le hiarratas ar údarú, ach nach dtugtar aghaidh orthu i measúnú riosca na substainte gníomhaí ar leibhéal an Aontais; (b) de bhun phointe 10 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, áireofar sa mheasúnú ar tháirgí meastóireacht i dtaobh ar comhlíonadh an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012; (c) ní fhéadfar táirgí a údarú lena n-úsáid sna Ballstáit ach amháin i gcás ina gcomhlíontar an coinníoll a leagtar amach in Airteagal 5(2), pointe (c), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012; (d) beidh úsáid táirgí bithicídeacha ina bhfuil própaconasól faoi réir na mbeart iomchuí chun a áirithiú go n-íoslaghdófar teagmháil daoine, ainmhithe agus an chomhshaoil le própaconasól a mhéid is féidir; (e) ní fhéadfar táirgí a údarú ach amháin sna cásanna seo a leanas: (i) cóireáil shealadach in aghaidh fungais a chuireann drochdhath ar adhmad (úsáid frith-sú-adhmaid trí chóireáil thionsclaíoch); (ii) cóireáil ghairmiúil thionsclaíoch ar adhmad struchtúrach (adhmad a úsáidtear ar chumas ualach-iompartha i bhfoirgnimh agus i struchtúir ina dtugtar tús áite do neart an adhmaid, amhail seideanna, giarsaí, droichid, lamairní, cuaillí, deicre, cuaillí fáil, etc.) in aicme úsáide ([2]) 3 (cás ina mbeidh an t-adhmad nó an táirge adhmadbhunaithe os cionn na talún agus neamhchosanta ar an aimsir, go háirithe báisteach) agus aicme úsáide 4 (cás ina mbeidh an t-adhmad nó an táirge adhmadbhunaithe i dteagmháil dhíreach le screamhuisce nó le fionnuisce);

					(iii) cóireáil thionsclaíoch ghairmiúil ar shiúntaí (táirgí adhmaid a eascraíonn as an gcleachtas píosaí adhmaid a cheangal le chéile go fisiciúil, amhail fuinneoga, dorais, díonléasacha, cumhdra, cláir líneála, urláir a chlúdach, ráillí, etc.) in aicme úsáide 2 (cás ina mbeidh an t-adhmad nó an táirge adhmadbhunaithe faoi chlúdach agus nach mbeidh sé neamhchosanta ar an aimsir, go háirithe báisteach agus báisteach ghaoth-thiomáinte, ach ina bhféadfadh fliuchadh neamhleanúnach tarlú ó am go ham) agus aicme úsáide 3; (iv) an táirge a leathadh *in-situ* le scuab, sprae nó instealladh ag úsáideoirí gairmiúla adhmaid i gcás aicmí úsáide 2 agus 3; údaraítear an táirge a leathadh *in-situ* le sprae i gcás úsáid faoi dhíon agus sa chás sin amháin; (f) i bhfianaise na rioscaí arna sainaithint i dtaca leis na húsáidí a ndearnadh measúnú orthu, tabharfar aird ar leith ar an méid seo a leanas sa mheasúnú ar tháirgí: (i) úsáideoirí tionsclaíocha agus gairmiúla; (ii) urrann na hithreach; (iii) screamhuisce; (g) ar na lipéid agus, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, ar bhileoga sonraí sábháilteachta na dtáirgí arna n-údarú, léireofar go ndéanfar an leathadh tionsclaíoch laistigh de limistéar atá iata nó ar dhromchla crua neamh-thréscaoilteach le bundú; go ndéanfar adhmad nuachóireáilte a stóráil faoi dhídean nó ar dhromchla crua neamh-thréscaoilteach, nó an dá rud tar éis a chóireála, chun sceitheadh díreach isteach san ithir, sa chóras séarachais nó san uisce a chosc; agus aon sceitheadh a tharlaíonn de dheasca leathadh an táirge, go mbaileofar é lena athúsáid nó lena dhiúscairt; (h) ar na lipéid agus, i gcás ina mbeidh siad ar fáil, ar bhileoga sonraí sábháilteachta na dtáirgí arna n-údarú, léireofar, i gcás cóireáil *in-situ* a dhéantar i suíomh amuigh faoin aer, cosnófar an ithir le scragall plaisteach nó le tráidire plaisteach, agus go ndéanfar aon sceitheadh a tharlaíonn de dheasca leathadh an táirge a bhailiú agus a dhiúscairt ar bhealach sábháilte;

					(i) Sonróidh údaráis inniúla na mBallstát san achoimre ar shaintréithe an táirge bhithicídigh a ghabhann le táirge bithicídeach ina bhfuil própaconasól na treoracha ábhartha úsáide agus na réamhchúraimí atá le sonrú ar lipéad na n-earraí cóireáilte faoi Airteagal 58(3), pointe (e), de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, lena n-áirítear ráiteas nach n-úsáidfear adhmad a chóireáiltear le própaconasól chun troscán agus struchtúir súgartha a tháirgeadh; áireofar ar na réamhchúraimí freisin bearta iomchuí atá le déanamh chun an láisteadh a laghdú agus chun teagmháil daoine, ainmhithe agus an chomhshaoil le própaconasól a íoslaghdú a mhéid is féidir. Is faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas atá an cur ar an margadh d'earraí cóireáilte a chóireáiltear le própaconasól nó ina n-ionchorpraítear própaconasól: (a) ón 1 Iúil 2024 ní fhéadfar earraí cóireáilte a chóireáiltear le própaconasól nó ina n-ionchorpraítear própaconasól a chur ar an margadh ach amháin lena n-úsáid sna cásanna seo a leanas: (i) adhmad a chóireáiltear chun é a chosaint ar fhungais a chuireann drochdhath ar adhmad (úsáid frith-sú-adhmaid trí chóireáil thionsclaíoch); (ii) adhmad struchtúrach i gcás aicme úsáide 3 (cás ina mbeidh an t-adhmad nó an táirge adhmadbhunaithe os cionn na talún agus neamhchosanta ar an aimsir, go háirithe báisteach) agus aicme úsáide 4 (cás ina mbeidh an t-adhmad nó an táirge adhmadbhunaithe i dteagmháil dhíreach le screamhuisce nó le fionnuisce); (iii) siúntaí i gcás aicme úsáide 2 (cás ina mbeidh an t-adhmad nó an táirge adhmadbhunaithe faoi chlúdach agus nach mbeidh sé neamhchosanta ar an aimsir (go háirithe báisteach agus báisteach ghaoth-thiomáinte, ach ina bhféadfadh fliuchadh neamhleanúnach tarlú ó am go ham) agus aicme úsáide 3; (b) ón 1 Iúil 2024 ní chuirfear earraí cóireáilte a chóireáiltear le própaconasól nó ina n-ionchorpraítear própaconasól ar an margadh chun troscán agus struchtúir súgartha a tháirgeadh;

					(c) an duine atá freagrach as earra cóireáilte a chóireáiltear le própaconasól nó ina n-ionchorpraítear própaconasól a chur ar an margadh, áiritheoidh sé go soláthrófar ar lipéad an earra cóireáilte sin an fhaisnéis a liostaítear in Airteagal 58(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE) Uimh. 528/2012, lena n-áirítear ráiteas nach n-úsáidfear adhmad a chóireáiltear le própaconasól chun troscán agus struchtúir súgartha a tháirgeadh ón 1 Iúil 2024 ar aghaidh.

([1]) Ba í an íonacht a léiríodh sa cholún seo íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí a ndearnadh meastóireacht uirthi. Is ceadmhach íonacht na substainte gníomhaí sa táirge a chuirtear ar fáil ar an margadh a bheith cothrom nó éagsúil léi, má tá sé cruthaithe go bhfuil sí coibhéiseach go teicniúil leis an tsubstaint ghníomhach a ndearnadh meastóireacht uirthi.

([2]) Sainmhínítear na haicmí úsáide a dtugtar tuairisc orthu in EN 335:2013 i dtéarmaí coinníollacha seirbhíse, agus tagairt á déanamh do chion taise ghinearálaithe agus na hoibreáin bhitheolaíocha mheathlaithe a bhíonn ann de ghnáth (ECHA Guidance on the Biocidal Products Regulation, Volume II: Efficacy, Parts B+C: Assessment and Evaluation, Version 5.0, November 2022 [Treoraíocht na Gníomhaireachta Eorpaí Ceimiceán maidir le Rialachán na dTáirgí Bithicídeacha, Imleabhar II: Éifeachtúlacht, Ranna B + C: Measúnú agus Meastóireacht, Leagan 5.0, Samhain 2022]).